

Comhordaitheoir Pleanála Teanga

Tá Leitir Ceanainn anois aitheanta mar Bhaile Seirbhíse Gaeltachta, agus is í Líonra Leitir Ceanainn an eagraíocht atá freagrach as Plean Teanga Leitir Ceanainn a chur i bhfeidhm. Ullmhaíodh an plean mar chuid den phróiseas pleanála teanga agus i gcomhréir le forálacha Acht na Gaeltachta, 2012. Is plean seacht mbliana atá i gceist a bhfuil d'aidhm aige cur leis an líon cainteoirí laethúla Gaeilge i Leitir Ceanainn.

Is ar an Chomhordaitheoir Pleanála Teanga a bheidh an phríomhfhreagracht an plean a chur i bhfeidhm.

Duine cumasach a bhfuil taithí aige/aici i réimse oibre na pleanála teanga nó in ábhar gaolmhar atá á lorg.

Fáilteofar roimh iarratais ó dhaoine leis an taithí agus na cáilíochtaí seo a leanas:

**Critéir Riachtanach**

Ardchaighdeán Gaeilge, idir labhartha agus scríofa

Tuiscint agus taithí mhaith ar chúrsaí pleanála teanga, ar fhorbairt pobail agus i bplé le coistí/struchtúir pobail

Tuiscint agus eolas maith ar cheantair Ghaeltachta Dhún na nGall agus na limistéir pleanála teanga sa chontae

Taithí i mbainistiú agus i gcur i gcrích tionscadail

Scileanna maithe cumarsáide, ríomhaireachta, áisitheoireachta, comhordaithe agus idirphearsanta

Eolas agus taithí ar bhainistiú airgeadais

**Critéir Inmhianaithe**

Cáilíocht ábhartha tríú leibhéal sa réimse pleanála teanga nó in ábhar gaolmhar

Is post ar chonradh atá á thairiscint a mhairfidh suas le trí bliana agus beidh an té a cheapfar freagrach as chur i bhfeidhm bearta an phlean teanga. Beidh an té a cheapfar fostaithe ag Líonra Leitir Ceanainn agus freagrach don Cheanneagraíocht maidir le clár oibre aontaithe á fheidhmiú.

Tá plean teanga Leitir Ceanainn le fáil ar shuíomh gréasáin Líonra Leitir Ceanainn ag [www.lionraleitirceanainn.ie](http://www.lionraleitirceanainn.ie)

Beidh an té a cheapfar sa phost lonnaithe i mbaile Leitir Ceanainn. Beidh taisteal i gceist leis an phost, mar sin ní mór d'iarratasóirí ceadúnas tiomána oiriúnach a bheith acu agus teacht ar ghluaisteán.

Beidh tuarastal idir €35,000 agus €50,000 ag gabháil leis an phost, ag brath ar thaithí an iarrthóra

Seol iarratas mar aon le Curriculum Vitae trí ríomhphost chuig [lionralc@gmail.com](mailto:lionralc@gmail.com)

Spriocdháta le haghaidh iarratais ná 17:00 ar an 06 Samhain 2020 agus beidh na hagallaimh ar siúl i Leitir Ceanainn ar an Aoine, an 20 Samhain